Irish
Junior Certificate
Higher Level

Past Exam Questions on
Studied Poetry

Q4 Part (b) Section 2 2010 Paper 2

B

(i) Ainmnigh dán Gaeilge (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa) a bhfuil do rogha **ceann amháin** de *na saghsanna daoine* seo thíos i gceist ann.

Ní mór teideal an dáin, mar aon le hainm an fhile a chum, a scríobh síos go soiléir.

(a) Duine cáiliúil (b) Duine áthasach (c) Duine brónach

(d) Duine feargach (e) Duine i ngrá (f) Duine uaigneach

(ii) Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa dán sin faoin *saghas duine* atá roghnaithe agat agus ar an gcaoi a gcuireann an file *an saghas duine* sin os ár gcomhair.

Q2 Part (b) Section 1 2009 Paper 2

B

(i) Maidir le do rogha **ceann amháin** de na *téamaí* seo a leanas, ainmnigh gearrscéal Gaeilge *nó* úrscéal Gaeilge *nó* dráma Gaeilge (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa) a bhfuil an *téama* sin ann.

Ní mór teideal an tsaothair sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go soiléir.

(a) Óige (b) Cairdeas (c) Gliceas (d) Uaigneas (e) Grá (f) Meas

(ii) Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa saothar sin faoin *téama* atá roghnaithe agat.

Nóta: I gcás **A** *nó* **B** thuas, tá cead agat chomh maith dráma Gaeilge a ainmniú ar ghlac tú páirt ann le linn do chúrsa.

Q2 Part (b) Section 2 2009 Paper 2

(i) Ainmnigh dán Gaeilge (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa) a bhfuil do rogha **ceann amháin** de na *mothúcháin* seo thíos ann.

Ní mór teideal an dáin, mar aon le hainm an fhile a chum, a scríobh síos go soiléir.

(a) Brón (b) Áthas (c) Fearg (d) Éad/Formad (e) Trua (f) Grá

(ii) Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa dán sin faoin *mothúchán* atá roghnaithe agat agus ar an gcaoi a gcuireann an file an *mothúchán* sin os ár gcomhair.

Q2 Part (b) Section 2 2008 Paper 2

(i) Ainmnigh dán Gaeilge (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa) a bhfuil do rogha **ceann amháin** de *na hábhair* seo thíos i gceist ann.

Ní mór teideal an dáin, mar aon le hainm an fhile a chum, a scríobh síos go soiléir.

(a) Spórt (b) An Grá (c) An Teaghlach (d) An Dúlra (e) Ainmhí (f) Dia

(ii) Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa dán sin faoin *ábhar* atá roghnaithe agat agus ar an gcaoi a gcuireann an file *an t-ábhar* sin os ár gcomhair.

Q2 Part (a) Section 1 2007 Paper 2

(i) Ainmnigh dán Gaeilge (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa) a bhfuil an cineál céanna ábhair ann is atá i do rogha **ceann amháin** den dá dhán i **gCeist 1** thuas.

Ní mór teideal an dáin, mar aon le hainm an fhile a chum, a scríobh síos go soiléir.

(ii) Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil faoin gcineál sin ábhair sa dán atá ainmnithe agat agus ar an gcaoi a gcuireann an file os ár gcomhair é.

nó

Déan comparáid **ghairid** idir a bhfuil faoin ábhar úd sa dán atá roghnaithe agat as **Ceist 1** agus a bhfuil faoin ábhar céanna sa dán atá ainmnithe agat.

Q2 Part (b) Section 1 2007 Paper 2

(i) Ainmnigh dán Gaeilge (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa) a bhfuil do rogha **ceann amháin** de *na mothúcháin* seo thíos ann.

Ní mór teideal an dáin, mar aon le hainm an fhile a chum, a scríobh síos go soiléir.

(a) Greann (b) Uaigneas (c) Grá (d) Díoltas (e) Sásamh (f) Cumha / Brón

(ii) Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa dán sin faoin *mothúchán* atá roghnaithe agat agus ar an gcaoi a gcuireann an file an *mothúchán* sin os ár gcomhair.